AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0020/2017**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 - 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington) agus an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2013 agus 2015**

**ATHRUITHE AR THUARASTAIL DO MHÚINTEOIRÍ LE TEACHT I BHFEIDHM ÓN 1ú AIBREÁN 2017**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna Údaráis Bhainistíochta, Boird Oideachais agus Oiliúna agus Múinteoirí a chur ar an eolas maidir leis na hathruithe ar thuarastail do Mhúinteoirí clúdaithe ag Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 - 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún) le teacht i bhfeidhm ón 1ú Aibreán 2017.

2. Eascraíonn na hathruithe seo ar rátaí tuarastail as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 - 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún) agus as an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2015.

3. Ba chóir an Ciorclán seo a léamh i gcomhpháirt le Ciorclán 0045/2016, a leagann amach an t-iarratas ar Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 - 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún) do mhúinteoirí iarscoile.

4. Mar atá leagtar amach i gCiorclán 0045/2016, baineann an Comhaontú le múinteoirí atá fostaithe i scoileanna agus in ionaid Bhoird Oideachais agus Oiliúna (seachas Coláistí Pobail ainmnithe). Baineann an Comhaontú freisin le múinteoirí atá ina mball de AMÉ atá fostaithe i gColáistí Pobail ainmnithe, in Iarbhunscoileanna Deonacha agus i Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha a thug le fios gurbh amhlaidh an cás trí chur isteach na foirme ag Aguisín 1 de Chiorclán 0045/2016 chuig a bhfostóir.

**Méadú ar Thuarastal le teacht i bhfeidhm ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí atá clúdaithe ag Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 - 2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/ Comhaontú Bhóthar Lansdún)**

5. Tá méadú €1,000 ar bhunphá lánaimseartha bliantúil de €65,000 nó níos ísle le teacht i bhfeidhm ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí. Cé go bhféachtar ar an méadú €1,000 seo mar ghné bunúsach tuarastail lena n-áirítear aoisliúntas, cáin, ÁSPC,ABP (Asbhaint a Bhaineann le Pinsean) srl., níl an €1,000 faoi reir laghdú pá do mhúinteoirí ar luach saothair bliantúil €65,000 nó níos airde de chuid An Bhille um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2013.

6. Leagtar amach an méadú ar scálaí pá le teacht i bhfeidhm ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí atá clúdaithe faoin gComhaontú ag Aguisín 1. Leagtar amach an méadú ar rátaí ócáideacha páirtaimseartha le teacht i bhfeidhm ón 1ú Aibreán 2017 ag Aguisín 2.

**Aischur Laghduithe Pá an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2013 dóibh siúd atá ag saothrú níos mó ná €65,000 in aghaidh na bliana le héifeacht ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí clúdaithe ag Comhaontú na Seirbhísí Poiblí 2013-2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Comhaontú Bhóthar Lansdún)**

7. Do sheirbhísigh phoiblí a bhfuil tuarastal bliantúlaithe €65,000 nó níos mó, tá laghdú pá curtha i bhfeidhm ag an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) 2013. Áit a raibh laghdú ar thuarastal múinteora atá clúdaithe ag Comhaontú na Seirbhíse Poiblí faoin soláthar seo, déanfar leath amháin den laghdú a aischur chuig a t(h)uarastal le héifeacht ón 1ú Aibreán 2017. Déanfar an dara chuid den laghdú a aischur ar 1ú Eanáir 2018. Eiseoidh an Roinn treoracha ar leith maidir leis an aischur seo ar an 1ú Eanáir 2018 níos gaire don am a chuirfear i bhfeidhm é.

8. Mar atá leagtha amach i gCiorclán 0005/2014, cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm i gcás múinteoirí a chaill pá inphinsin tríd an Acht FEMPI 2013 laghdú pá agus tarraingt siar an liúntais Mhaoirseachta agus Ionaid faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Is é an toradh a bhí air ná gur laghdaíodh laghdú pá an Acht FEMPI do lucht ardioncaim suas go €1,769 in aghaidh an mhúinteora. Athrófar an laghdú seo go €884.50 nó níos lú in aghaidh an mhúinteora le héifeacht ón 1ú Aibreán 2017 (i gcomhair le haischur a dhéanamh ar leathchuid de ghearradh pá lucht ardioncaim). Faoi théarmaí Ciorclán 0045/2016, tháinig deireadh leis an laghdú seo do mhúinteoirí nach raibh clúdaithe faoin gComhaontú agus tá laghdú pá an Acht FEMPI 2013 i bhfeidhm go hiomlán do na múinteoirí sin.

**Múinteoirí nach bhfuil clúdaithe faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 -2018 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Comhaontú Bhóthar Lansdún)**

9. Ní mór a shonrú, nach bhfaighidh múinteoirí nach bhfuil clúdaithe ag Comhaontú na Seirbhíse Poiblí méadú €1,000 nó ní dhéanfar aischur mar a bhí thuasluaite. Fánfaidh na scálaí pá reatha do mhúinteoirí nach bhfuil clúdaithe ag Comhaontú na Seirbhíse Poiblí mar atá agus cuirtear in iúl arís iad ag Aguisín 1 le haghaidh tagartha áisiúla

**Athbhreithniú ar Ráta Ócaideach Neamhcháilithe in aghaidh na hUaire ón 1ú Meán Fómhair 2016 go 31 Márta 2017**

10. Tá athbhreithniú déanta ar an ráta ócaideach neamhcháilithe a íoctar in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1ú Meán Fómhair 2016 go 31ú Márta 2017. Féach an ráta athbhreithnithe ag Aguisín 3. Athraíonn sé seo an ráta le héifeacht ón 1ú Meán Fómhair 2016 a leagadh amach i gCiorclán 0045/2016.

**Liúntais**

11. Ba chóir athríomh a dhéanamh ar liúntais atá ríofa mar chéatadán ar leith nó mar chuid áirithe de bhunphá ag tagairt do na rátaí athbhreithnithe pá le teacht i bhfeidhm ón 1ú Aibreán 2017. Ní bheidh athrú ar liúntais sheasta.

**Srianta Feabhsaithe maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta a Aontaíodh le héifeacht ón 30ú Samhain 2015.**

12. Cuirtear i gcuimhne d’fhostóirí go bhfuil leasú déanta ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 faoin Acht FEMPI 2015 le srianta feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a aontaíodh idir Seirbhísigh Phoiblí agus a gcuid fostóirí Sheirbhíse Poiblí le héifeacht ón 30ú Samhain 2015. Tá na hailt chuí den Acht curtha san áireamh ag Aguisín 4.

**Scaipeachán agus Fiosruithe**

13. Déan deimhin de, le do thoil, go ndéantar cóipeanna den gCiorclán seo a sholáthar do bhaill uile an Bhoird Bhainistíochta/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na múinteoirí ábhartha uile atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta, ar a bhfuil inti.

14. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie

15. Ba chóir fiosruithe maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh chuig: pppayroll@education.gov.ie

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtrach
24 Márta 2017

Padraig Maloney
An Rannóg Párolla

**AGUISÍN 1**

(a) Scálaí tuarastail incriminteacha athbhreithnithe do mhúinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún a **chuaigh isteach sa mhúinteoireacht roimh 1 Feabhra 2012,** le bheith i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Aibreán 2017. Leantar ag íoc liúntais cáilíochta leis an gcohórt seo de mhúinteoirí de réir mar is cuí.

| **Scála do mhúinteoirí nach bhfuil clúdaithe ag Comhaontú Bhóthar Lansdún** | | |
|---|---|---|
| **Ceaptha roimh 1ú Eanáir 2011** | | **Ceaptha idir 1ú Eanáir 2011 agus 31ú Eanáir 2012** |
| **Pointe** | **€** | **Pointe** |
| | 28,092 | **1** |
| | 29,549 | **2** |
| **1** | 31,213 | **3** |
| **2** | 31,972 | **4** |
| **3** | 33,041 | **5** |
| **4** | 34,113 | **6** |
| **5** | 35,775 | **7** |
| **6** | 36,853 | **8** |
| **7** | 37,929 | **9** |
| **8** | 40,640 | **10** |
| **9** | 41,994 | **11** |
| **10** | 43,612 | **12** |
| **11** | 45,222 | **13** |
| **12** | 46,844 | **14** |
| **13** | 48,200 | **15** |
| **14** | 49,996 | **16** |
| **15** | 49,996 | **17** |
| **16** | 49,996 | **18** |

| **Scála athbhreithnithe ón 1ú Aibreán 2017 * (ní bhaineann sé seo ach do mhúinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún** | | |
|---|---|---|
| **Ceaptha roimh 1ú Eanáir 2011** | | **Ceaptha idir 1ú Eanáir 2011 agus 31ú Eanáir 2012** |
| **Pointe** | **€** | **Pointe** |
| | 29,888 | **1** |
| | 31,345 | **2** |
| **1** | 33,009 | **3** |
| **2** | 33,768 | **4** |
| **3** | 34,837 | **5** |
| **4** | 35,909 | **6** |
| **5** | 37,571 | **7** |
| **6** | 38,649 | **8** |
| **7** | 39,725 | **9** |
| **8** | 42,436 | **10** |
| **9** | 43,790 | **11** |
| **10** | 45,408 | **12** |
| **11** | 47,018 | **13** |
| **12** | 48,640 | **14** |
| **13** | 49,996 | **15** |
| **14** | 51,792 | **16** |
| **15** | 51,792 | **17** |
| **16** | 51,792 | **18** |

| | | |
|---|---|---|
| **17** | 52,472 | **19** |
| **18** | 52,472 | **20** |
| **19** | 52,472 | **21** |
| **20** | 52,472 | **22** |
| **21** | 55,744 | **23** |
| **22** | 55,744 | **24** |
| **23** | 55,744 | **25** |
| **24** | 55,744 | **26** |
| **25** | 59,359 | **27** |

| | | |
|---|---|---|
| **17** | 54,268 | **19** |
| **18** | 54,268 | **20** |
| **19** | 54,268 | **21** |
| **20** | 54,268 | **22** |
| **21** | 57,540 | **23** |
| **22** | 57,540 | **24** |
| **23** | 57,540 | **25** |
| **24** | 57,540 | **26** |
| **25** | 61,155 | **27** |

** Baintear an scála seo amach nuair a chuirtear €796 maoirseachta agus ionadaíochta ón 1ú Meán Fómhair 2016, Céim 1 den gComhaontú Pá d' Iontrálaithe Nua agus an méadú €1,000 ón 1ú Aibreán 2017 san áireamh leis an scála atá ann cheana.*

(b) Scálaí tuarastail incriminteacha do mhúinteoirí atá clúdaithe ag Comhaontú Bhóthar Lansdún a **chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar an nó roimh 1ú Feabhra 2012**, le bheith i bhfeidhm le héifeacht ó 1ú Aibreán 2017. Níl liúntas cáilíochta iníoctha leis an gcohórt seo de mhúinteoirí.

| **Scála do mhúinteoirí ceaptha ar an nó i ndiaidh 1ú Feabhra 2012 nach bhfuil clúdaithe ag Comhaontú Bhóthar Lansdún** | |
|---|---|
| **Pointe** | **€** |
| **1** | 31,009 |
| **2** | 33,168 |
| **3** | 33,950 |
| **4** | 36,576 |
| **5** | 37,795 |
| **6** | 39,251 |
| **7** | 40,700 |
| **8** | 42,160 |
| **9** | 43,380 |
| **10** | 44,996 |
| **11** | 44,996 |
| **12** | 44,996 |
| **13** | 47,225 |
| **14** | 47,225 |
| **15** | 47,225 |
| **16** | 47,225 |
| **17** | 50,170 |
| **18** | 50,170 |
| **19** | 50,170 |
| **20** | 50,170 |
| **21** | 53,423 |
| **22** | 53,423 |
| **23** | 53,423 |
| **24** | 58,765 |
| **25** | 59,940 |

| **Scala athbhreithnithe ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí ceaptha ar an 1ú nó i ndiaidh 1ú Feabhra 2012*<br><br>(ní bhaineann seo ach le múinteoirí clúdaithe ag Comhaontú Bhóthar Lansdún)** | |
|---|---|
| **Pointe** | **€** |
| **1** | 33,806 |
| **2** | 35,614 |
| **3** | 36,837 |
| **4** | 38,529 |
| **5** | 39,673 |
| **6** | 41,047 |
| **7** | 42,496 |
| **8** | 43,956 |
| **9** | 45,176 |
| **10** | 47,073 |
| **11** | 47,750 |
| **12** | 48,559 |
| **13** | 50,479 |
| **14** | 51,290 |
| **15** | 51,968 |
| **16** | 52,866 |
| **17** | 54,338 |
| **18** | 54,338 |
| **19** | 55,576 |
| **20** | 55,576 |
| **21** | 57,203 |
| **22** | 57,203 |
| **23** | 58,839 |
| **24** | 61,510 |
| **25** | 62,097 |
| **26** | 62,097 |
| **27** | 63,905 |

** Baintear an scála seo amach nuair a chuirtear €796 maoirseachta agus ionadaíochta ón 1ú Meán Fómhair 2016, Céim 1 den gComhaontú Pá d' Iontrálaithe Nua ón 1ú Eanáir agus an méadú €1,000 ón 1 Aibreán 2017 san áireamh leis an scála atá ann cheana*

**AGUISÍN 2**

**Rátaí leasaithe ócáideacha páirtaimseartha in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí páirtaimseartha agus ionaid <u>sna scoileanna uile</u>**

(a) **Rátaí leasaithe ócáideacha páirtaimseartha in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht roimh 1ú Eanáir 2011**

| **Catagóir** | **Ráta leanúnach ón 1/4/17** | **Luach ar Shaoire Bhliaintúil Reachtúil carntha in aghaidh na hUaire a oibríodh ón 1/4/17** |
|---|---|---|
| Ráta ócáideach cáilithe in aghaidh na huaire | 42.91 | 5.85 |
| Ráta neamhcháilithe in aghaidh na huaire | 37.77 | 5.15 |

**(b) Rátaí leasaithe ócáideacha páirtaimseartha in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht idir 1ú Eanáir 2011 agus 31ú Eanáir 2012:**

| **Catagóir** | **Ráta leanúnach ón 1/4/17** | **Luach ar Shaoire Bhliaintúil Reachtúil carntha in aghaidh na hUaire a oibríodh ón 1/4/17** |
|---|---|---|
| Ráta uaire cáilithe | 38.33 | 5.23 |
| Ráta uaire neamhcháilithe | 33.99 | 4.64 |

**(c) Rátaí leasaithe ócáideacha páirtaimseartha in aghaidh na huaire le héifeacht ó 1ú Aibreán 2017 do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar an nó i ndiaidh 1ú Feabhra 2012:**

| **Catagóir** | **Ráta leanúnach ón 1/4/17** | **Luach ar Shaoire Bhliaintúil Reachtúil carntha in aghaidh na hUaire a oibríodh ón 1/4/17** |
|---|---|---|
| Ráta uaire cáilithe | 37.10 | 5.06 |
| Ráta uaire neamhcháilithe | 33.99 | 4.64 |

## AGUISÍN 3

### Ráta uaire neamhcháilithe athbhreithnithe le heifeacht ón 1ú Meán Fómhair 2016 go 31 Márta 2017 do mhúinteoirí páirtaimseartha agus ionaid sna Scoileanna uile

**(a) Ráta uaire neamhcháilithe athbhreithnithe do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht roimh 1ú Eanáir 2011**

| Le hÉifeacht ón | Ráta Leanúnach | Luach ar Shaoire Bhliaintúil Reachtúil carntha in aghaidh na hUaire a oibríodh |
|---|---|---|
| 1ú Meán Fómhair 2016 go 31ú Márta 2017 | 36.67 | 5.00 |

**(b) Ráta uaire neamhcháilithe athbhreithnithe do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht idir 1ú Eanáir 2011 agus 31ú Eanáir 2012:**

| Le hÉifeacht Ón | Ráta Leanúnach | Luach ar Shaoire Bhliaintúil Reachtúil carntha in aghaidh na hUaire a oibríodh |
|---|---|---|
| 1ú Meán Fómhair 2016 go 31ú Márta 2017 | 33.00 | 4.50 |

**(c) Ráta uaire neamhcháilithe athbhreithnithe do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar an nó i ndiaidh 1ú Feabhra 2012:**

| Le hÉifeacht Ón | Ráta Leanúnach | Luach ar Shaoire Bhliaintúil Reachtúil carntha in aghaidh na hUaire a oibríodh |
|---|---|---|
| 1ú Meán Fómhair 2016 go 31ú Márta 2017 | 33.00 | 4.50 |

## AGUISÍN 4

**Alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015**

**Leasú ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011**

Tá leasú ar An Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 mar gheall ar chur isteach na míre seo a leanas tar éis mír 16:

**"Smacht ar théarmaí agus ar choinníollacha na seirbhíseach poiblí**

16A. (1) Sna cásanna seo a leanas —

(a) Tá téarma nó coinníoll ceadaithe ag an aire mar théarma nó coinníoll le bheith curtha i bhfeidhm don am i láthair maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh phoiblí (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú ar bith eile nó cead an aire ar chinneadh duine eile san ábhar a dhéanamh), agus

(b) Conradh fostaíochta a thugtar do sheirbhíseach poiblí laistigh den aicme nó catagóir sin a bhfuil téarma nó coinníoll istigh ann atá ag teacht leis nó atá mar an gcéanna leis an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe ach atá níos fearr don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

Beidh an conradh i bhfeidhm mar a bheadh an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar 'tearma nó coinníoll ceadaithe') in ionad an téarma nó coinníoll cead luaite in alt (b) (a bhfuil tagairt déanta air faoi fho-ailt (2) agus (3) mar 'téarma nó coinníoll neamhcheadaithe').

(2) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an dtéarma nó coinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an mhéid iníoctha chuig an seirbhíseach poiblí faoin dtéarma nó coinníoll ceadaithe chun críocha teidlíocht pinsin ar bith a áireamh (teidlíocht chnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(3) Sa chás a n-íochtar méid chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an dtéarma nó coinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an mhéid iníoctha chuig an seirbhíseach poiblí faoin dtéarma nó coinníoll ceadaithe mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(4) Sa chás—

(a) a dhéantar conradh fostaíochta maidir leis an seirbhíseach poiblí, agus

(b) ina bhfuil téarma nó coinníoll sa chonradh maidir le luach saothair nach bhfuil ag teacht leis nó nach bhfuil mar an gcéanna le téarma nó coinníoll ar bith bunaithe atá ceadaithe ag an Aire maidir le fostaíocht aicme nó catagóir sheirbhísigh phoiblí ina gcuirtear an seirbhíseach poiblí céad luaite (bíodh sé gur ceadú atá le faomhadh atá ann, cinéalcheadú ar bith eile nó cead an aire ar chinneadh duine eile san ábhar), agus

beidh an téarma nó coinníoll curtha ar neamhní.

(5) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) chun críocha teidlíocht pinsin a áireamh (teidlíocht chnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) don seirbhíseach poiblí sin.

(6) Sa chás a n-íochtar méid chuig an seirbhíseach poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) mar sin—

(a) coinneoidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón seirbhíseach poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don seirbhíseach poiblí sin ina dhiaidh sin nó ar bhealach ar bith eile.

(7) Ní ghlacfar le fo-ailt (3) agus (6) mar theorann ar dhliteanas faoi reacht duine ar bith mar mhíniú ar a leithéid de ró-íocaíocht.

(8) Sa chás nach bhfaightear méid a bhaineann le fo-alt (3) nó (6) ar ais ag comhlacht na seirbhíse poiblí lena mbaineann sé, d’fheadfadh an tAire ordú a thabhairt don gcomhlacht sin an mhéid a fháil ar ais, roimh dháta sonraithe, i gcomhréir le fo-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar is cuí, agus, muna n-éireofar leis an gcomhlacht an mhéid a fháil ar ais, d’fheadfadh an tAire an mhéid a asbhaint de dheontas nó vótáil, nó íocaíocht ar bith den gcomhlacht sin amach as airgead tugtha go díreach nó go hindíreach ag an Oireachtas nó ón Lárchiste nó toradh an chiste sin.

(9) Baineann an t-alt seo le téarma nó coinníoll aontaithe i ndiaidh tús a chur le halt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015.

(10) Tá an t-alt seo i bhfeidhm in ainneoin—

(a) achtachán ar bith eile,

(b) scéim pinsin nó socrú ar bith eile,

(c) comhaontú nó socrú conartha ar bith eile, nó

(d) tuiscint, ionchas, ciorclán nó ionstraim ar bith nó cáipéis eile.

(11) San alt seo—

Is ionann “seirbhíseach poiblí” agus duine atá fostaithe ag, nó a choinníonn oifig nó áit eile i gcomhlacht na seirbhíse poiblí;

Is ionann “luach saothair” agus díolaíochtaí a bhaineann le nó atá bainte le caibidil 4 de pháirt 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”.